Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/2168(DEC)

24.1.2024

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) don bhliain airgeadais 2022
(2023/2168(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Tomáš Zdechovský

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi gur dhearbhaigh an Chúirt Iniúchóirí (‘an Chúirt’) go bhfuil na hidirbhearta is bonn le cuntais bhliantúla Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) don bhliain airgeadais 2022 dlíthiúil agus rialta i ngach gné ábharach;

2. ag cur sonrú sa bharúil leanúnach ó 2020 maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht idirbheart bunaithe ar chreatchonradh a shíniú le cuideachta aonair chun feithiclí a léasú, rud a d’fhág íocaíocht neamhrialta 59 281 EUR don tréimhse tuairiscithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil an conradh le dul in éag in 2024 agus gur eisíodh aon chonarthaí sonracha ina dhiaidh sin faoin gcreatchonradh sin; á iarraidh ar Eurojust aghaidh a thabhairt go hiomlán ar an mbarúil sin, moltaí uile na Cúirte a chur chun feidhme agus tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta;

3. ag tabhairt dá haire, thairis sin, barúil na Cúirte nár chomhlíon Eurojust, laistigh de na moilleanna, na teorainneacha ama le haghaidh íocaíochtaí a shonraítear in Airteagal 116 den Rialachán Airgeadais; ag aithint fhreagairt Eurojust ar thréimhse choigeartaithe do chóras buiséadach agus airgeadais nua SUMMA a bhí sa chéim phíolótach, rud ba chúis le moilleanna agus deacrachtaí teicniúla maidir leis na hidirbhearta a phróiseáil; á mheabhrú go bhfuil na méideanna arna dtabhairt anonn ag Eurojust go mór faoi bhun na leibhéal tairsí;

4. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil méadú seasta ag teacht ar an gcásobair a rinne Eurojust, faoi 14 % in 2022, agus gur eagraíodh 528 gCruinniú Comhordúcháin agus 22 Lárionad Comhordúcháin, agus gur thacaigh Eurojust le 265 Fhoireann Chomhpháirteacha um Imscrúdú, gur éascaigh sé feidhmiú 1 262 Bharántas Gabhála Eorpacha agus gur chumasaigh sé 5 415 Ordú Imscrúdaithe Eorpacha a úsáid; ag tabhairt dá haire, maidir leis na cásanna ar dhéileáil Eurojust leo in 2022, gur bhain siad le níos mó ná trí oiread líon na n-íospartach i gcomparáid le 2021;

5. á chur in iúl gur mór aici an comhar trasnáisiúnta idir na húdaráis bhreithiúnacha arna éascú ag Eurojust agus an dlúthchomhar leis na gníomhaithe uile i slabhra an cheartais choiriúil, lenar cuireadh le gabháil níos mó ná 4 000 duine a bhí faoi dhrochamhras, agus go ndearnadh sócmhainní coiriúla ar fiú beagnach EUR 3 bhilliún iad a urghabháil nó a reo agus go ndearnadh drugaí ar fiú beagnach EUR 12 bhilliún iad a urghabháil;

6. ag tabhairt dá haire gur leathnaíodh sainordú Eurojust chun fianaise a bhaineann le croíchoireanna idirnáisiúnta a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil agus bunachar sonraí breithiúnach a chruthú chun croí-fhianaise ar choireanna idirnáisiúnta a bhailiú agus a anailísiú;

7. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Eurojust chun tacú le digiteáil an cheartais agus le cur chun feidhme Chóras Bainistithe Cásanna nua Eurojust;

8. á chur in iúl gur geal léi an comhar leanúnach idir Eurojust agus Gníomhaireachtaí eile CGB agus geallsealbhóirí eile; na 14 chás a osclaíodh a raibh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) páirteach iontu, agus an dlúthchomhar leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS), le eu-LISA agus lean Eurojust de bheith ag comhoibriú leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (EJN), rud a thug líon na gcásanna a tarchuireadh chuig EJN go 44 in 2021; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, an méadú ar phointí teagmhála Eurojust chuig os cionn 60 tír;

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	23.1.2024
Toradh na vótála críochnaithí	+: 51 –: 2 0: 2
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Patricia Chagnon, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cornelia Ernst, Nicolaus Fest, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Cyrus Engerer, José Gusmão, Beata Kempa, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Anne-Sophie Pelletier, Bergur Løkke Rasmussen, Róża Thun und Hohenstein, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Andrus Ansip, Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Marisa Matias, Caroline Nagtegaal

ANNEX: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an tuairim á hullmhú aige:

Eintiteas agus/nó duine
European Union Agency for Criminal Justice Cooperation (Eurojust)

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

51	+
ECR	Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa
ID	Tom Vandendriessche
PPE	Magdalena Adamowicz, Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Maria Walsh, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Renew	Abir Al-Sahlani, Andrus Ansip, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Moritz Körner, Caroline Nagtegaal, Maite Pagazaurtundúa, Bergur Løkke Rasmussen, Róża Thun und Hohenstein
S&D	Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Cyrus Engerer, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Isabel Santos, Birgit Sippel, Elena Yoncheva
The Left	Cornelia Ernst, José Gusmão, Marisa Matias, Anne-Sophie Pelletier
Verts/ALE	Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik

2	-
ID	Nicolaus Fest
NI	Milan Uhrík

2	0
ECR	Vincenzo Sofo
ID	Patricia Chagnon

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh